

RAMELTON
FLOOD RELIEF SCHEME



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW
Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

Scéim Fóirithinte Tuilte Ráth Mealtain



Nuachtlitir Meitheamh 2023

SAN EAGRÁN SEO

Scéal is déanaí

Seo an seachtú nuachtlitir ag Scéim Fóirithinte Tuilte Ráth Mealtain. Ar na nithe is mó a rinneadh ó bhí an ceann roimhe ann tá mionsamhlú hidrálach, imeachta teagmhála poiblí, agus críochnú an tsuirbhé hidriméadrachta.

Oibreacha Suirbhé

Lch 2

Gníomhaíochtaí Timpeallachta

Lch 3

Hidreolaíocht & Hidrálaiicí

Lch 4

An chéad chéim eile

Lch 5

Oibreacha Suirbhé (Suirbhé Cósta - Hidriméadrach)

Fuarthas an tacar deireanach de thorthaí ón suirbhé i Márta 2023. Tá Nóta Teicniúil faoi aschur agus chonclúidí an tsuirbhé réitithe. Ó shin i leith tá na conclúidí ionchorpraithe sa mhionsamhail hidrálach do FRS Ráth Mealtain chun leibhéil farraige a shannadh le linn teagmhais antoisceacha tuilte, le gur féidir riosca tuilte a mheas.



Tomhsairí Loch Súilí

Gníomhaíochtaí Timpeallachta

Suirbhéanna Speisialta

Tá na suirbhéanna bonnlíne speisialta do Scéim Fóirithinte Ráth Mealtain réidh:

- Eisíodh Tuarascáil ón Suirbhé Éanlaith Geimhridh i mBealtaine 2023.
- Tá Tuarascáil Gníomhaíochta Suirbhé na nIaltóg eisithe do Chomhairle Contae Dhún na nGall i Márta 2023.

Déanfar suirbhéanna speisialta eile ar ball ach a mbeidh sainmhíniú níos fearr déanta ar bhearta cosanta in aghaidh tuilte.

Beartha Nadúrtha Coinneála Uisce (NWRM)

Tá foireann an tionscadail i ndiaidh críoch a chur ar an measúnú ar fhéidearthacht i dtaca le NWRM in abhantraigh Ráth Mealtain chun an riosca tuile a mhaolú agus tá tuarascáil indéantachta réitithe.

Hidreamoirfeolaíocht

Déanann an hidreamoirfeolaíocht imscrúdú ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíocht dhaonna agus nadúrtha ar hidreolaíocht agus ag geomoirfeolaíocht uisce agus na héiceachóras lena dtacaíonn siad. Beidh an suirbhé bonnlíne hidreolaíochta do SFT Ráth Mealtain ar siúl le linn an tsamhraidh.

Anailís Hidreolaíochta agus Mionsamhlú Hiodrálach

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar fhorbairt na mionsamhlach hiodrálaice ó bhí an Nuachtlitir dheireanach ann i bhFeabhra 2023. Tá dréachtú déanta ar na mapaí tuilte Bonnline, agus iad curtha i láthair le linn an lae teagmhála Poiblí a reáchtáladh ar an 21/06/2023.

Tá an fhoireann tionscadail i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar aiseolas a fuarthas le linn na ceardlainne teicniúla hiodrálaice a reáchtáladh ar an 30/11/2022. Ar na ceisteanna a pléadh bhí Tógáil na Mionsamhlach (1D/2D), Calabrú/Dearbhú agus Aschur Mionsamhlacha. Fuarthas an tacar deireanach torthaí suirbhé ón suirbhé hidriméadrach agus iad arna n-ionchorprú sa mhionsamhail.



*Abhainn na Leanainne, ag féachaint síos i dtreo Dhr.
Ráth Mealtain.*

Imeacht Rannpháirtíochta Poiblí



OPW
Office of Public Works

BYRNE LOOBY
AN QVBSG COMPANY



Ramelton Flood Relief Scheme

Public Participation Event

From 4:00pm to 8:00pm on Wednesday 21st June 2023
at Town Hall, Ramelton

Purpose of this Public Participation Event

This is a second public engagement event for the project. An initial public engagement event to get the views of the people, businesses and stakeholders was held in September 2021. The feedback from that event has informed the assessment and development of the scheme to-date.

The purpose of this public participation event is to present the findings of the assessments undertaken to date, to outline the available flood protection measures and options being considered to alleviate flooding and to obtain the views of the public and stakeholders on those options.



Draft Coastal Flood Extent

Your Feedback is Important

This is your opportunity to take part at the early stages of the planning of the Ramelton Flood Relief Scheme. Donegal County Council and the Office of Public Works wishes to consider all viewpoints in relation to the flood relief measures being considered. Time spent communicating your views to the project team is appreciated.

See also the project website: <https://www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/home/> where the Event documentation will be available from 21st June 2023.

The general public and all interested parties are invited to give their opinions on the Scheme. Please examine the possible flood protection measures presented at the event and let your views be known by 21st July 2023.

All queries and comments in relation to this project can sent to either of the following:

Email: Ramelton@ByrneLooby.com

Post: **Project Manager Ramelton FRS**
ByrneLooby
Building 2100
Cork Airport Business Park
Kinsale Road
Cork, T12 KV8R

Cuireadh imeacht rannpháirtíochta poiblí ar siúl i Halla an Bhaile i Ráth Mealtain ar an 21 Meitheamh 2023. An cuspóir a bhí leis an imeacht ná páirtithe leasmhara agus lucht spéise a chur ar an eolas faoin dul chun cinn ar SFT Ráth Mealtain agus go háirithe, na mapaí nuashonraithe riosca tuilte. Cuireadh na bearta fóirithinte tuilte féideartha in iúl don lucht freastail.

Míle buíochas le gach duine a tháinig. Déanfar breithniú ar an imeacht nuair a bheifear ag déanamh forbartha ar roghanna fóirithinte tuilte do Ráth Mealtain.

Tá na scéalta is déanaí le fáil ar an suíomh gréasáin:

<https://www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/news/>



An chéad chéim eile

Sna míonna beaga romhainn, beidh Foireann an Tionscadail ag obair ar na nithe a leanas::

- ➔ Leanúint de na Suirbhéanna Speisialta Timpeallachta don chéad tréimhse eile.
- ➔ Mionsamhlú Hiodrálach ar Roghanna Fóirithinte Tuile.
- ➔ Leanúint den dréachtú ar Thuarascálacha Scagtha agus Scópála Measúnaithe Tionchair Timpeallachta chomh luath agus a bheidh bailchríoch ar pharaiméadair agus ar roghanna na scéime.
- ➔ Leanúint den obair ar an Scagadh don Mheasúnú Cuí
- ➔ Suirbhé Hidreamoirfeolaíochta



Teagmháil

Dá mba mhaith leat teagmháil a dhéanamh le Foireann an Tionscadail faoi aon ní a bhaineann le Scéim Fóirithinte Ráth Mealtain, seo a leanas na sonraí:

Ríomhphost

RameltonFRS@ByrneLooby.com

Post

Project Manager Ramelton FRS

ByrneLooby

Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí

Bóthar Chionn tSáile

Corcaigh

Fón

+353 (0) 21 240 7988

Tá tuilleadh eolais agus clár na Scéime ar fáil ar ár suíomh gréasáin:

www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/home/